# Glór Cheatharlach

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
**Glór Cheatharlach**
Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

## AIP nua TG4

Sheol TG4 leagan iPad dá sheinnteoir clár le déanaí. Áis é seo a chuireann ar chumas úsáideoirí iar-fhéachaint ar ábhar Gaeilge ar Sheinnteoir TG4. Cláir Ghaeilge ar fad atá ar an Aip seo, maraon le fotheidil Bhéarla. Tá sé ar fáil ón App Store. Pointe teagmhála laethúil leis an teanga é, áit ar bith ar fud an domhain. Tá teacht leis an Aip ar chláir ó sceideal TG4: faisnéis, drámaíocht, siamsaíocht, ceol, ealaíon, saol-chlár, an óige agus cúrsaí reatha. TG4 a sheol an chéad Seinnteoir riamh in Éirinn sa bhliain 2002 . Tá an Aip nua saor in aisce agus is féidir teacht air trí "TG4" a chuardach san App Store ón iPad nó ar www.AppStore.com

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| aip | app |
| sheol | launched |
| seinnteoir | player |
| iar-fhéachaint | look back |
| fotheidil | subtitles |
| pointe teagmhála | contact point |
| saor in aisce | free of charge |

## Turas Treoraithe sa Mhúsaem

Reachtálfar turas treoraithe trí Ghaeilge ar Mhúsaem Chontae Cheatharlach inniu, Dé Máirt, 11ú Meitheamh, ag tosnú ag 10.30r.n. Tabharfaidh an treoraí agus leas-choiméadaí an Mhúsaem, Seán Mac Diarmada, léargais ar phríomh mhíreanna na hiarsmalainne ag tosnú sa bhun urlár leis an gcistin agus an siopa. Cuirfidh daoine suim faoi leith sa chúinne a bhaineann leis an gComhlacht Siúcra chomh maith le daoine cáiliúla an cheantair a thuill clú dóibh fhéin sa bhaile agus mórthimpeall na cruinne. Críochnófar le cuairt ar an taispeántas nua thuas staighre a cheiliúrann 40 bliain den Rás Tailteann ó bhuaigh an rothaí áitiúil Mike O'Donoghue é sa bhliain 1973. Cuirfear fáilte roimh chách agus iarrtar ar dhaoine bailiú le chéile do thús an turais ag an leabharlann ag 10.30r.n.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| turas treoraithe | guided tour |
| treoraí | guide |
| príomh | main |
| míreanna | items |
| cúinne | corner |
| clú | fame |
| taispeántas | exhibition |



Foireann Ghaelscoil Cheatharlach ag an bhFéile Peile i Ráth Chairn

## Peileadóirí na Gaelscoile ag Féile Peile Gael Linn

Tionóladh Féile Peile Gael Linn do bhunscoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna Chúige Laighean i nGaeltacht Ráth Chairn le déanaí. Ghlac foireann Ghaelscoil Cheatharlach go fonnmhar leis an gcuireadh chun a bheith páirteach agus thaisteal siad le múinteoirí Art Ó Grifin agus Áine Ní Nualláin chuig Gaeltacht ghlas na Mí. Bhí suas le 150 scoláire, mar aon lena gcuid múinteoirí ó Ghaelscoil Phort Laoise, Gaelscoil Mhuileann gCearr, Gaelscoil Cheatharlach, Gaelscoil na hUaimhe, Gaelscoil Chill Choca, Gaelscoil Chill Dara, Scoil Santain, Tamhlacht agus Scoil Náisiúnta Ráth Chairn, páirteach san ócáid ráthúil.

Cuireadh tús leis an scléip nuair a tháinig na foirne le chéile i Ráth Chairn tráthnóna Dé Céadaoin, 29 Bealtaine. Ocht bhfoireann san iomlán a bhí i láthair, agus roinneadh i ndá ghrúpa iad. Bhí dhá chluiche le himirt ag gach foireann an tráthnóna sin. Bhí na foirne meascaithe, le naonúr imreoirí an taobh, agus de réir na rialacha, bhí sé éigeantach go mbeadh ar a laghad ceathrar cailíní ar an bpáirc ag gach foireann i rith an ama. Nuair a bhí na cluichí thart agus an dinnéar ite, ghlac na daltaí páirt sa quiz boird, ceolchoirm agus céilí a cuireadh ar siúl dóibh san Ionad Pobail. Socraíodh lóistín oíche dóibh le muintir na háite. Bhí an tríú cluiche le himirt ag na foirne uilig maidin lá arna mhárach. D'imir daltaí Cheatharlach go hiontach agus bhuadar a dtrí chluiche chun cáiliú don leathchraobh i gcoinne Ghaelscoil Chill Dara. Bua iontach eile acu agus bhíodar sa chraobh! An-chluiche go deo a bhí sa chraobh idir Ghaelscoil an Mhuilinn, An Muileann gCearr agus Gaelscoil Eoghan Uí Thuairisc, Ceatharlach, ach is ag An Muileann gCearr a bhí an bua ar deireadh, le scór 1-9 go 1-5.

Ba é Tadhg Ó Ceallaigh a bhí mar chaptaen ar fhoireann Cheatharlach. Bhí díomá orthu nár éirigh leo an corn a thabhairt abhaile leo ach bhíodar breá sásta go ndearnadar a ndícheall. Agus saoire álainn sa Ghaeltacht acu lena chois. Maith sibh a bhuachaillí agus a chailíní.

| Gluais; | Glossary: |
|---|---|
| féile peile | football festival |
| peileadóirí | footballers |
| cuireadh | invitation |
| thaisteal | travelled |
| scléip | fun |
| foirne | teams |
| meascaithe | mixed |
| lóistín | accommodation |
| leathchraobh | semi final |
| craobh | final |



Irene Cunningham a mhúin an Sean-Nós do dhaltaí na Gaelscoile

## Rince sa Sean-Nós i gCeatharlach

Mar chuid de cheiliúradh 30 Bliain Faoi Bhláth na Gaelscoile i gCeatharlach reachtáladh cúrsa sa rince Sean-Nós do na daltaí thar sé seachtaine. An sár rinceoir sa sean-nós, Irene Cunningham as Gaillimh an teagascóir agus ghlac 300 dalta i ranganna a dó go sé páirt sa chúrsa. Taithí nua ar fad a bhí ann dóibh agus bhaineadar an-taithneamh as an stíl áirithe seo. D'éirigh leo uile idir bhuachaillí agus cailíní na bunchéimeanna a mháistriú agus táid ag súil go mór le níos mó a fhoghlaim sa scoilbhliain nua.

Is rinceoir proifisiúnta í Irene agus tá sí ag múineadh idir óg agus fásta le deich mbliana anuas. Len a deartháir agus beirt deirfiúr is iomaí turas thar lear atá déanta ag an gclann le seónna rince chuig an Eoraip, Meiriceá agus an Rúis. Tugann sí ceardlanna sa Sean-nós ag féilte agus fleadhanna timpeall na tíre.

Chomh maith leis an sean-nós a mhúineadh do dhaltaí na Gaelscoile thug Irene ranganna oíche do dhaoine fásta. D'fhreastail breis is fiche duine idir fir is mná ar an gcúrsa a bhí ar siúl i nGaelcholáiste Cheatharlach agus thug sí ceardlann freisin ag Fleadh Cheoil an Chontae le déanaí i Leighlin an Droichid. Is léir go bhfuil an-tóir ar an sean-nós i gCeatharlach mar atá fud fad na tíre.

| Gluais: | Glossary |
|---|---|
| ceiliúradh | celebration |
| rinceoir | dancer |
| taithí | experience |
| stíl | style |
| bunchéimeanna | basic steps |
| a mháistriú | to master |
| ceardlann | workshop |